

Fonn a Níos Fiach

PÁDRAIG UA MAOILEOIN



© Leabhar Breac, 2018
Foilsíodh an chéad eagrán (Carbad) in 1978; an dara heagrán in 1990.

ISBN 978 1 911363 44 6

Tá Leabhar Breac buíoch de Liam Mac Cóil, de Sheosamh Ó Murchú agus d'Oisín Uíbh Eachach as a gcomhairle agus an leabhar seo á réiteach chun cló.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódoireacht: Clódoirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Caibidil 1

Baile beag cluthair sceirdiúil gránna deas ab ea baile na Scairte. Istigh i gcom cnoic idir dhá cheann tíre — Ceann Duimhche ar an dtaobh theas agus Ceann Dubh ar an dtaobh thuaidh — trí tithe déag agus dosaen d’alpacháin ocracha i ngach aon tigh acu ar an mórgóir. Féar dhá bhó nó trí ab ea gach aon ghabháltas ar an mbaile, socrú binne chun an choimín a bhí uathu suas go barr fioraí ó dheas agus ó thuaidh; is é sin, an té a mbeadh aon bhó amháin aige an áirithe sin caorach a bheith ar an gcoimín aige, an té a mbeadh dhá bhó aige a dhá oiread caorach a bheith aige sin, agus mar sin de. Bíodh bó agat nó bí gan caoirigh ab ea é.

Dá raghfá go barr an chnoic lastuas de bhaile agus féachaint uait anuas air thabharfá an leabhar breac gur cuilt phaistí a bhí uait síos, bhí an talamh chomh saothraithe sin acu eatarthu. Gort le Seán Mhicil díreach faoi bhundlach an fhraoigh uait síos agus coirce ann — é ina gheamhar glas fós. Gort eile leis thíos ar fad ar stuaic na faille agus athchré á chur ar phrátaí aige ann, agus é struipeáilte go dtína léine fhlainín, ag taoscadh leis agus gan aon bhróga air. Dhá ghort eile leis os cionn na ceallúnaí suas agus leachtáin chloch anseo agus ansiúd iontu. An dá bhó a bhí aige agus a chúpla básachán gamhna á súrac i ngort eile leis a bhí thoir ar theorainn

Cheanna Duibh — an t-aon fheirm amháin a bhí ar an mbaile a bhí in aon ghabháltas amháin agus a raibh aon dealramh léi mar fheirm, bhí céad éigin acra inti seo, trí chéad caorach dá cuid féin uirthi gan aon choimín, agus ocht gcinn de bha bainne. Braoiní a bhí ina chónaí anseo — fear rábach rabairneach ragairneach ná raibh aon ní ina cheann ach capaill ráis agus mná ná rithfeadh uaidh — bhíodar ann agus is aige siúd a bhí a fhios é.

B'in é an baile. Leithéid Sheáin thiar agus Braoiní thoir. B'in é an patrún. A gcláirín á dhéanamh ag an muintir thiar ar an angar; teaspach dearg thoir, ach é a theacht le dúchas chuige, mar bhí sé riamh iontu. Ó Chontae an Chláir a tháinig seanathair Bhraoiní nuair a cuireadh an teitheadh air tar éis vótáil go hoscailte do Dhónall Ó Conaill in aghaidh na dtiarnaí talún ansin. Ach thug sé ceard leis — siúinéir ab ea é, agus veidhleadóir — agus tháinig sé mar chliamhain isteach ar an gCeann Dubh. Óinseach bhocht leachta go maith ná féadfadh an t-im a ní san abhainn gan a leath a imeacht le fánaidh uaithi a phós sé, ach níl aon leaghadh Dia ná go bhfaigheann lom-angar — ná fuil sé ráite riamh, agus b'in mar bhí acu siúd.

Díreach tar éis an drochshaoil ab ea é seo. Níor bhain sé an bonn chomh mór ó mhuintir na Scairte, áfach, agus a bhain ó mhuintir in áiteanna eile ar fuaid na tíre. Bhí an breac i gcónaí acu, úr sa tséasúr, mar bhí dhá bhád saighne acu eatarthu, agus úrshailte de réir mar a d'oirfeadh dóibh, agus ansin iasc breá cumhra leasaithe sa dúluachair tar éis é a bhuíochtaint faoi lé na gréine agus na tine i rith an fhómhair. D'fhan an práta acu go dtí an bhliain dheireanach den léirscios — b'in í an chéad bhliain a shroich an dúchtaint an áit.

FONN A NÍOS FIACH

Ach bhí seans leo go raibh an t-ARBHAR go maith an bhliain chéanna acu, rud nár fhág aon easpa aráin ná baighreáin orthu. Mar sin féin, ní fhéadfadh aoinne a rá nach ar scrimh na hingne a chuireadar trí bliana i ndiaidh a chéile díobh agus go rabhadar caolocrach go maith. Ní rabhadar ach ag tosnú ag breith ar a ngreamanna anois féin, agus bhí síol nua prátaí acu a bhí ag déanamh go maith. Is ar ghas an tsíl nua a bhí Seán Mhicil ag taoscadh laistíos. Bhí seacht mbliana ann ó chonaic sé gas chomh breá leis, goirmeacht ina chroí agus glaiseacht ina chiumhais amuigh, agus raimheadeas agus tathag ann. Beidh cruthnú maith faoi seo fós, a dúirt sé leis féin go mómharach, agus bia pé a mhairfidh le é a ithe.

Pé rud eile a bhí in easnamh ar Sheán bocht ní dóchas ná súil le raidhse é. Fear suáilceach ab ea é, so-ranna, sochma. É a bheith fagharta i dtine na gannchúise a lúb gach féithleog intinne agus aigne dá raibh ina chorp i dtreo is go bhféadfadh sé broic leis an mbráca a leag Dia air a d'fhág mar seo é. É sin agus creideamh stóinsithe sa Dia céanna go dtabharfadh sé slán trí gach anachain é, agus a gheall an bheatha shíoraí dó ach é a bheith in ann cur suas leis. Allas do mhaláí, a dúirt sé leis, agus saothar do ghéag, agus seachain an peaca agus gheobhadsa leaba chlúimh duit i gceann de mo phioláidí féin nuair a bheidh do phurgadóireacht thart ar an saol seo agat.

Bhí gach aon rud deas simplí. Níor ghá dó aon suaitheadh a dhéanamh ar phóirsí dorcha a aigne faid a bheadh an saol mar seo aige, agus is mar seo a bheadh sé aige. Ní raibh ag obair ach a chorp agus bhí an corp sin oiriúnach d'aon duais a bhéarfadh air. Ní raibh ina chroí ach inneall meicniúil a bhí ag raideadh fola trí gach orlach

PÁDRAIG UA MAOILEOIN

den chorp sin faid a bheadh an corp ann — ní raibh cúinne d'aon áthas ná d'aon bhrón. Níor ghoil an fear riamh, ná níor gháir. Mianach an chéad duine a bhí ann tar éis é a chaitheamh amach as an nGairdín agus sular chuaigh sé isteach in aon phluais. Ní raibh ina cheann ach an méid a d'fhéadfadh sé a bhaint as an gcré, an breac a bhuaileadh ar an linn leis agus an giorria ón gcnoc. Sealgaire ab ea ar dtúis é, saothraí talún ina dhiaidh sin. San ord sin. Nuair a thugadh sé faoi ghiorria lena sheanchú ní mar mhagadh a dhéanfadh sé é. Is ag cuimhneamh ar an anraith agus ar an lámhdhóid a bheadh ar snámh thíos ann a bheadh sé.

Nuair a chuireadh sé a dhuán i bhfarraige ag súil le pollóg ní ag súgairt léi a bheadh sé ná á bréagadh ach gach aon stoitheadh aige á bhaint aisti faid a sheasódh a béal é nó go mbeadh a bolg in airde aige ar an gcloch taobh leis agus é ag cuimhneamh ar an bpícl bhreá a bheadh ar an bpláta timpeall uirthi go dtumfadh sé a phráta inti go milis.

Cé gur bhaile fothainiúil an Scairt ar shlite bhí sé sceirdiúil a dhóthain ar shlite eile. Claitheacha cloch ar fad a bhí ann, clocha a réabadh aníos as croí na cré le ramhanna faobhair agus le fuinneamh géag. A bailíodh ansin agus do dhá cheann i dtalamh agat. A cuireadh i leataobh agus a tógadh ina glaí, gach cloch acu ina cathaoir féin go cáiríseach gur dhóigh leat gur saor a ghabh chucu, a leag a riail agus a leibhéal orthu agus a dúirt leis féin agus lena raibh ag teacht ina dhiaidh: 'Sid í mo lámhsa, sáraigh má fhéadair'.

Níor ghabh siolla gaoithe trí aon chlaí riamh acu, ní raibh an oscailt ann ach mura mbeadh an bhearna. Aon

FONN A NÍOS FIACH

ní a chuirfeá istigh idir na claitheacha sin bhí fothain fáis aige ach an chré a bheith faoi — rud ná raibh go minic. Ach aon fhás a mbeadh aon scrothaíocht ann agus a mbeadh sé de dhánaíocht in aon chor ann a cheann a chur thar leibhéal an chlaí suas bhí clabhta fachta aige sin sa leathchluis ná dearmhadfadh sé agus níorbh fhada a bheadh sé ag cúbadh chuige. Is iomdha ceacht a mhúin an ghaoth aduaidh d'aon ghas ná raibh fios a bhéas aige ann mar seo. Taobh amuigh de na barraí níor fhás aon ní eile riamh ann ach na sceacha agus cúpla tor draighin a bhuaileadh anseo agus ansiúd leat i bhfothain scailpe agus a stuaic bearrtha go cnámh ag deimheas na gaoithe aduaidh.

Cré dheas mhín a bhí ar an Scairt — cré dhearg agus sruth-ghainimh — ach go raibh an talamh ard agus é uachtarach go maith thuas mar a raibh sé féin agus an fraoch ag coimheascar lena chéile agus ag cur a chéile as seilbh. I mbun gach goirt ab fhear a bhí an chré agus gan ach airde bhéal na ramhainne di le fáil faoi bhun an chlaí uachtaraigh. Í sleamhnaithe léi anuas in imeacht na mbliain agus na dianchuradóireachta. Ní raibh de leigheas air seo nuair a bheifeá ag taoscadh ach a bheith ag sluaisteáil na cré romhat suas, mar bhí Seán bocht a dhéanamh anois, nó go bhféadfá riar do cháis a bhreith go barr iomaire leat. Ach imíonn gach maith le mionchaitheamh agus bheadh ort an dálda céanna a dhéanamh an bhliain a bhí chugainn arís.

Bhí an bláth ag teacht anois féin ar na prátaí a bhí i leaba na dúlach i bhfothain an chlaí lastuaidh ag Seán Mhicil. Stad sé tamall beag ag féachaint orthu. Cuma shláintiúil go maith orthu faoina seanleasú agus faoina

mbrat breá iascán aníos ó Chuas na bhFiach. Coicíós eile, a dúirt sé leis féin, nuair a bheadh an bláth ag teip bheadh bia fúthu. Chonaic sé ar an bpláta cheana féin iad féin agus picil an bhallaigh bhuí ag dul isteach ina súile. Lán béil ab ea gach aon cheann riamh acu, gan aon dá ghreim a dhéanamh den chnap ba mhó a bheadh orthu ach é go léir a bhualadh trasna do bhéil agus a bheith á alpadh leat siar de réir mar bheadh an góilín agat. Ansin breith ar cheann an bhallaigh idir do dhá láimh agus a bheith á shúrac, agus de réir mar bheifeá á mheilt leat ar do shuaimhneas a bheith ag scagadh na gcnámh idir na fiacra agus á raideadh uait isteach i gcroí na tine. ‘Níl aon teora le ceann an bhallaigh bhuí,’ arsa Seán, ag caint leis féin.

Ba dheacair a shamhlaíocht a mhaíomh air, is dócha, ná ar aoinne eile mar é a bhí i dtaobh leis an gcaidsear buí ó Lá Fhéile Pádraig i leith. De mhín bhuí Indiach ná faca na daoine go dtí cúpla bliain ó shin nuair a thug na Sasanaigh isteach don tír mar dhéirc í, nuair a bhraitheadar na daoine go léir ag fáil bháis gan fhios dóibh, a bhí an caidsear seo déanta. Ní raibh aon taithí riamh roimhe sin acu uirthi seo ná aon fhios conas í a bhácáil ina ciste. Is é a dheinidís léi í a fhliuchadh le huisce beirthe agus nuair a bheadh an ciste suaite acu é a bhualadh síos ar an ngreideall, iompú a bhaint as tar éis ceathrú uaire an chloig agus fanacht leis go mbeadh an taobh eile bÁCálta. An ciste a thógaint ansin agus é a ghearradh ina thriantáin. Bheith á alpadh sin leat le braon leamhnachta nó bainne ghéir — b’in é do chuid, agus aoinne a bhí ag brath air ba bheag é a theaspach tar éis dhá bhéile isló de.

Is leis an min seo a dheinidís an leite chomh maith, ach níor thaitin an leite seo riamh le Seán mura mbeadh

FONN A NÍOS FIACH

airc ina chroí ar fad. Do ghamhna agus do mhná tí a bhí sí oiriúnach, a deireadh sé. B'fhearr leis an baighreán mine coirce.

Murab ionann agus Braoiní an diabhair úd thoir, ní raibh mná ná leathar ag cur aon tinnis ar Sheán. Níor ghá dó é: bhí muileann leathair sa bhaile aige féin a bhí oiriúnach gach aon oíche dó agus í beag beann ar a dhícheall — Máire Bhuaithreáin a phioc sé suas dó féin ar bhóthar an bhaile mhóir lá a bhí sé ag dul ag díol ubh ann agus a bhuail sé laistiar de ar a chapall ag teacht abhaile, agus chaith sa chúinne chuige féin í faoi mar dhéanfadh sé le huan a gheobhadh sé ar strae ar an gcnoc agus é imithe óna mháthair. Bhí deichniúr leanbh fáiscthe aige cheana aisti agus gan aon chuimhneamh ag aoinne de bheirt acu ar stad. 'Tá deichniúr eile fós inti,' a deireadh Braoiní, mar bhí a shúil siúd uirthi, 'Dá bhfaigheadh sí an fear ceart bheadh, agus a thuilleadh.'

Bhí cuid mhaith acu i bhformad le Braoiní agus an saol a bhí aige. Ba é saol an mhadra i gceart é, nuair a bholathadh sé an bhits faoi adhall scaoileadh fúithi, ach murarbh ionann is an madra ná beadh an paca timpeall air agus ná raibh a bhac air a bheith ag coraíocht leis ar a shuaimhneas. Ar a shamhlaíocht a bhí Braoiní ag cur a shaoil de. Ag obair sa chúlchaise a bhí sé agus ag imeacht caol, saoráid, gan ocras. Ba é Freáilí, an buachaill aimsire, a dheineadh gach aon dath dó, na caoirigh a locadh agus iad a scaoileadh amach ar adhmhaidin arís, féachaint i ndiaidh na mba ansin, iad a chrú agus a ionramháil, cúpla práta a chur, coirce a leathadh, féar a bhaint — ní mór a bhíodh ann — agus gach aon saghas dríodála eile a bhí le déanamh is é a dheineadh é. Codladh go cac ag Braoiní

agus ag féachaint i ndiaidh a chapail — ba í ba mheasa leis agus níorbh í an fheirm, mar bhí sé ina phríosúnach ar an gCeann Dubh mura mbeadh í a bheith aige, agus iallait bhreá ar a drom.

Ní raibh aon fhormad ag Seán leis. Ní chuireadh aon ní mar sin isteach ar Sheán. Ní raibh aon ní a mhair Dia ag cur tinnis air siúd ach a bholg agus cad as a dtiocfadh an chéad ghoblach eile dó féin agus dá ál. Bhí sé ag féachaint ar na bláthanna fós. Dar leis go bhfaca sé ag oscailt amach faoi lé na gréine iad agus, de réir a chéile, iad ag feochtaint faoina dhá shúil. An chré fúthu thíos agus í ag borradh agus ag at faoin dteas ag tórmach le prátaí breátha. An chré féin ag briseadh agus ag scoltadh os cionn an tórmaigh faoi mar bheadh an scolb ag teacht ar an ubh ina am féin. Níorbh aon iontas gur baisteadh leaba na dúlach uirthi.

D'ardaigh Seán a cheann agus d'fhéach sé timpeall ar an mbaile beag. Ba é a pharthas agus a phurgadóireacht in éineacht é — níorbh iontas dá leithéid a chreideamh a bheith sa tsíoraíocht aige; caithfidh sprioc éigin a bheith ag an nduine bocht. An té a bhfuil a bholg ar a ghlúine aige ní cás leis ifreann ná parthas; ní gá dó é, níl aon chúram aige dóibh. Ach ní orthu a bhí Seán ag cuimhneamh anois. D'fhéach sé uaidh suas ar na goirt dhea-dhathacha idir é agus bundlach an fhraoigh thuas. Bhí ainm ar gach gort aige agus ainm ar gach leachtán agus lios agus ráth a bhí iontu. Chuir an radharc aoibhneas air mar lá meala ab ea é i lár na Bealtaine. Chuala sé canrán na bhforachan uaidh amach faoin bhfarraige — gearraigh óga anois acu agus iad ag saothrú dóibh ar a ndícheall go ceann cúpla seachtain eile nuair a bheidís chun coinlíochta acu.

FONN A NÍOS FIACH

Comharthaí éisc ar fuaid na bá — maicréil Bhealtaine. Bheadh na báid ag dul amach anocht agus bheadh an bhá ar lasadh le bairís mhéarnála agus peilteáil an éisc ag mogallú uait amach le clos istigh ar an dtalamh tirim agat. Maicréil mhóra Bhealtaine agus róstadh an tlú ar maidin i ngach tigh ar an mbaile. Cumhracht agus sólás.

D'iompaigh sé isteach ar a shluasaid chun cúpla ramhann eile a thaoscadh. Ní raibh sé dultha i bhfad in aon chor nuair a chonaic sé chuige anuas Tomaisín, an mac críonna, braon bainne i mbuidéal aige chuige agus triantán de chaidsear buí — bia na maidine.

Shuigh sé síos ar thortóg a bhí i bhfothain an chláí agus d'alp sé siar a chuid le flosc is le fonn. Ní mór thar chuid sásaimh a bhí ann de ach chaith sé leor a ghabháil leis. Bhí a chláirín déanta ar an ealaín seo aige. Ba é an chéad aithne ina leithéid d'áit ag a leithéid d'am: 'Gabh leor le do chuid, a dhuine, agus bí buíoch den té a chuir chugat é.'

Caibidil 2

Ba bhéas le Seán riamh a bheith éirithe chomh moch sin go mbéarfadh sé ar an éan ina chodladh. Ní bheadh fuinneoga an lae in aon chor ann nuair a bhíodh sé thíos ar bhruach na trá ag cuardach. Amharcaíl oíche ab ea an chuid ba mhó dá shaothar mar seo gach maidin, ach go mbeadh gealas ar an bhfarraige i gcónaí dá dhoirche a bheadh sé ar an dtalamh.

Síos ar an dtráigh leis chomh luath agus a bheadh aon ghealadh ceart déanta aige agus mar sin leis soir bun toinne ag gliúcaíl roimhe agus ag faire amach d'aon scoilb raice a bheadh caite isteach thar oíche. Bhí sé ann an mhaidin seo, leis, agus spreotaí beaga ag bualadh leis. Bhuail sé thairis suas thar bharr taoide iad agus d'fhág ann nó go mbeadh caoi aige ar iad a thabhairt abhaile. Bhuail cúpla úll leis a bhí leachta go maith ag an bhfarraige; más ea, ba bheag locht a bhí aige orthu ach iad a phramsáil siar idir sháile agus uile. Bhaineadar an airc as a chroí. Bhain sé cúpla bairneach agus d'ith sé siar as an sliogán iad.

Chonaic sé an allait uaidh soir idir é agus Ceann Dubh sínte ar an ngainimh agus gach ólaí dá dtagadh isteach ag líománú na gainimhe timpeall air. 'Caora mharbh,' ar seisean leis féin. 'Mhuise, a chailín bháin, pé áit ar thitis, is cuma, ach is maith an áit ar thángais i dtír.'